Tugann an clár seo deis duit staidéar a dhéanamh agus taithí a fháil ar áilleacht, ar chruthaitheacht agus ar fhuinneamh ár gcultúir, oidhreachta agus tírdhreacha; taitneamh a bhaint as ceardlanna i mbéaloideas agus i gceol traidisiúnta, chomh maith le siúlóidí cois cósta agus cuairteanna ar oileáin.

Sceideal Cúrsa

Príomhscileanna Treoraithe: 3 Feabhra 2012—Meitheamh 2012

Speisialachais: Aibreán 2012—Meitheamh 2012

Dáta Tosaithe Cúrsa: Dé hAoine, 3 Feabhra 2012

Is cúrsa páirtaimseartha é seo a reáchtálfar thar shraith cheardlann deireadh seachtaine.

Tá an cúrsa oscailte do dhaoine fostaithe nó díf-hostaithe agus is aidhm dó deiseanna fostaíochta a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil fíorspéis acu i dtion-scal na turasóireachta.

Ionad Cúrsa: - Ionad Breisoideachais, Ros Muc,

Coiste Gairmoideachais
Chontae na Gaillimhe

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Oifigeach Oideachas Aosach
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
An Coileár Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe
Ríomhphost: aeo@cogalvec.ie
Teileafón: 091/874538/33

Clár i dTreorú Muirí agus Tuaithe



Is féidir leatsa do pháirt a ghlacadh inár dTionscal Turasóireachta trí bheith i do Threoraí Fáilte Éireann lánchailithe.

Léargas ginearálta ar Threorú Muirí agus Tuaithe

Tá an clár do Threorú Muirí agus Tuaithe dírithe ar dhaoine a sholáthraíonn nó ar mian leo a sholáthar, raon seirbhísí treoraithe ré-igiúnacha nó áitiúla do chuairteoirí. Cuirfidh an cúrsa seo ar fáil do rannpháirtithe na scileanna gairmiúla, teicniúla, sóisialta agus riaracháin le go mbeidh siad in ann seirbhís treoraithe d'ard chaighdeán a sholáthar don raon éagsúlachta agus riachtanas sa mhargadh.

Cáilíochtaí FETAC—Aitheanta go hIdirnáisiúnta

Ar chríochnú an chúrsa seo d'fhoghlaimeoirí, gnóthóidh siad Teastas Sainchuspóra FETAC Leibhéal 6 i dTreorú Muirí agus Tuaithe - Teastas i dTreorú Áitiúil. Tá an clár seo forbartha ag Fáilte Éireann, faofa ag FETAC agus á thairiscint ag Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta.

Speisialachais

- Treorú Cois Cósta
- Treorú Slatiascaireachta Báid
- Treorú Slatiascaireachta Cladaí
- Treorú Cnocadóireachta

Rogha (preferred) Leibhéal Iontrála le haghaidh gach Clár

Cáiliúchán Leibhéal 5, Ardteistiméireacht nó a comhionann agus/nó aon taithí eile ábhartha saoil agus oibre.

Riachtanais Bhreise Iontrála le haghaidh Treorú Cois Cósta

Chun an modúl seo a chríochnú, is gá go mbeadh cáilíocht reatha i nGarchabhair Oibre ag foghlaimeoirí (FETAC Leibhéal 5 nó a comhionann, cosúil le Cúram i dTarrtháil Éigeandála 2).

Riachtanais Bhreise Iontrála le haghaidh Treorú Slatiascaireachta Báid

Chun an modúl seo a chríochnú, is gá go mbeadh Cáilíocht BIM Passenger Boat Proficiency le Category A Commercial Endorsement nó a comhionann ag foghlaimeoirí, an Cáiliúchán Sábháilteacht ar Muir FETAC agus na riachtanais iontrála do Threorú Slatiascaireachta Báid.

Riachtanais Bhreise Iontrála le haghaidh Treorú Slatiascaireachta Cladaí

Chun an modúl seo a chríochnú, is gá go mbeadh cáilíocht reatha Garchabhair Oibre ag foghlaimeoirí (FETAC Leibhéal 5 nó a comhionann, cosúil le Cúram i dTarrtháil Éigeandála 2).

Riachtanais Bhreise Iontrála le haghaidh Treorú Cnocadóireachta

Chun an modúl seo a chríochnú, is gá go mbeadh cáilíocht reatha Garchabhair Oibre ag foghlaimeoirí (FETAC Leibhéal 5 nó a comhionann, cosúil le Cúram i dTarrtháil Éigeandála 2). Moltar go mbeadh deich siúlóid logáilte ag foghlaimeoirí sula dtéann siad i mbun modúl inniúlachta cnocadóireachta.

Beidh gach rannpháirtí ar an gclár treoraithe páirteach sna hábhair seo a leanas:-

- **Staidéar ar Thurasóireacht in Éirinn**
- **Ról agus Freagrachtaí an Treoraí Turasóireachta**
- **Scileanna Gairmiúla i dTreorú**
- **Grúpbhainistíocht**
- **Taithí Phraiticiúil**
- **Margaíocht**
- **Teanga Idirnáisiúnta**